Comhairle Chontae na Gaillimhe.

# Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe

## EIAR – Measúnacht maidir le Tionchar Carnach SHD Burkeway Bearna

Le léamh in éineacht leis an “EIAR - Tuarascáil Bhreise Nuashonraithe - Measúnacht maidir le Tionchar Carnach (A phléann le hiarratais atá ceadaithe agus iarratais bheo ar feitheamh ó Foilsíodh an EIAR" (3 Samhain 2020)

**Eagrán 1 | 4 Samhain 2020**

Glactar san áireamh sa tuarascáil seo na treoracha ar leith ónár gcliaint agus riachtanais ár gcliaint.

Ní d’aon tríú páirtí an tuarascáil seo agus níor cheart go mbeadh aon tríú páirtí ag brath uirthi agus ní bheifear freagrach maidir le haon tríú páirtí.

Uimhir Jab 223985-00

**Ove Arup & Partners Ireland Ltd**

**Arup**
Teach Corparáideach
Páirc Ghnó Oirthear na Cathrach, Baile an Bhriotaigh
Gaillimh
H91 K5YD

ARUP

# Clár an Ábhair

Lch

**1 Réamhrá 1**

**2 Measúnacht maidir le Tionchar Carnach Foriomlán 2**

# 1 An Réamhrá

Rinneadh iarratas (SHD Burkeway Bearna) ar Fhorbairt Straitéiseach Tithíochta (SHD) leis an ABP an 16 Deireadh Fómhair 2020 tráth a raibh an Éisteacht ó Bhéal ar siúl. Tá mionsonraí maidir leis an tionscadal le fáil i **dTábla 1** thíos.

Tugtar ar aird go bhfuil tuarascáil "*measúnacht maidir le tionchar carnach cumaisc"* san áireamh mar chuid de cháipéisíocht iarratais SHD Burkeway Bearna agus go raibh an N6 GCRR san áireamh sa mheasúnacht maidir le tionchar carnach. Ba é tátal na cáipéise sin "*nach mbeidh aon tionchar suntasach carnach ann mar thoradh ar an bhforbairt bheartaithe i gcumasc le tograí eile".*

Ar mhaithe le gan aon rud a fhágáil ar lár, rinneadh breithniú agus measúnacht charnach freisin ar an tionscadal leis an GCRR N6 i **dTábla 2** thíos. Leagtar amach in **Tábla 2** torthaí na measúnachta maidir le tionchar suntasach carnach, díreach nó indíreach a d'fhéadfadh a theacht i gceist (faoi gach ceann de na tosca timpeallachta ar leith) i gcás an togra i gcumasc leis an N6 GCRR.

Chomh maith leis, rinneadh measúnacht ar an tionscadal i gcumasc leis an N6 GCRR i gcumasc leis na tionscadail agus pleananna ar fad a bhreithnítear i gCuid 19.5 den EIAR agus dTáblaí 1 agus 3 den Tuarascáil Bhreise Nuashonraithe (Arna eisiúint chuig an ABP an 3 Samhain 2020). Ba é tátal na measúnachta sin nach dócha go dtarlóidh aon tionchar carnach suntasach seachas i gcás na haeráide.

Níl gá le haon bheart maolúcháin breise mar gheall ar an obair measúnachta seo ná níl sin riachtanach.

**Tábla 1: Sonraí maidir le SHD Burkeway Bearna**

| ABP tag | tag GCC | Sonraí | Dáta ar Ceadaíodh an Cinneadh/Dáta Reatha |
|---|---|---|---|
| 308431 | - | **SHD Burkeway Bearna**<br>Forbairt Tithíochta i dTroscaí Thoir, Troscaí Thiar, An Chéibh agus Átha an Ghlugair, Bearna, Co. na Gaillimhe.<br>Comhdhéanta de: Na tithe lasmuigh a leagan, 121 aonad cónaithe (comhdhéanta de 52 teach agus 69 árasán) a thógáil chomh maith le saoráidí cúraim leanaí agus gach obair suímh a ghabhann leis.<br>https://www.burkewaybearnashd.com/ | REATHA<br>Taiscthe an 16/10/20 |

# 2 Measúnacht maidir le Tionchar Carnach Foriomlán

**Tábla 2: Measúnacht maidir le tionchar suntasach carnach, díreach nó indíreach, ba dhócha a bheith ag SHD Burkeway Bearna (308431) i gcumasc le N6 GCRR**

| Uimh. Thag Plean/Tionscadail. | Tionchar Carnach Ionchais ar Thosca Timpeallachta | Tionchar Carnach Foriomlán (más ann dó) |
|---|---|---|
| **SHD Burkeway Bearna** | **Cúrsaí Socheacnamaíochta:** Tá an fhorbairt bheartaithe bóthair lonnaithe timpeall is 0.7km ó thuaidh den togra SHD. Beidh tionchar beag dearfach ó thaobh na socheacnamaíochta ag an bhforbairt bheartaithe bóthair trí bhealach malartach sábháilte agus éifeachtach a chur ar fáil isteach sa chathair. Dá bhrí sin, ní dócha go mbeidh aon tionchar suntasach carnach chun dochair, díreach nó indíreach, maidir le cúrsaí socheacnamaíochta ann mar gheall ar an N6 GCRR i gcumasc leis an togra SHD beartaithe. | Náid ach amháin i ndáil le cúrsaí Aeráide. |
| | **An Ghaeilge:** Ar an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe a mheas i gcumasc leis an togra seo, ní mheastar go dtarlóidh aon toradh carnach suntasach chun dochair ar stádas na Gaeilge mar theanga pobail. | |
| | **Sláinte an Duine:** Ní dócha go mbeidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach ar shláinte an duine mar gheall ar an N6 GCRR i gcumasc leis an bhforbairt SHD seo mar gheall nach díol suntais na foinsí torainn ná aeir ón togra SHD seo. | |
| | **Sócmhainní Ábhartha Neamhthalmhaíochta:** Maidir le sócmhainní ábhartha neamhthalmhaíochta, ní shonraítear aon tionchar carnach chun dochair i ndáil leis an togra beartaithe SHD seo agus an N6 GCRR beartaithe. | |
| | **Sócmhainní Ábhartha Talmhaíochta:** Is fíothal agus aiteann is mó atá ar an láithreán togra SHD atá 5.38ha agus is drochthalamh é. Dá bhrí sin, tá leibhéal íogaire an-íseal ag baint leis an láithréan ó thaobh talmhaíochta de. Ní bheidh aon tionchar suntasach carnach, díreach ná go hindíreach ó thaobh na talmhaíochta i gceist leis an 5.38ha sin a ghabháil i gcumasc leis an ngabháil talmhaíochta a bhaineann leis an GCRR. | |
| | **Caighdeán an Aeir agus Cúrsaí Aeráide:** Ní tharlóidh aon tionchar carnach suntasach maidir le caighdeán an aeir de thoradh ar an obair thógála mar thoradh ar na bearta maolúcháin atá beartaithe i ndáil leis an N6 GCRR agus CEMP a chur i bhfeidhm faoi mar atá molta i gcás an togra SHD. Sa Fhreagra RFI, leasaíodh toradh na measúnachta maidir leis an tionchar ar chaighdeán an aeir ar an ardú sa daonra a thabhairt san áireamh atá á thuar sa NPF lena n-áirítear oiread measta na tráchta i ngar don bhóthar atá beartaithe a fhorbairt agus thángthas ar an gcomhairle nach dócha go dtarlóidh aon tionchar suntasach maidir le caighdeán an aeir agus dá réir sin nach dócha go dtarlóidh aon tionchar carnach suntasach idir an N6 GCRR agus an togra seo. | |

| Uimh. Thag Plean/Tionscadail. | Tionchar Carnach Ionchais ar Thosca Timpeallachta | Tionchar Carnach Foriomlán (má tá a leithéid i gceist) |
|---|---|---|
| | Cruthófar astaíocht carbóin i rith chéim na tógála maidir leis an bhforbraíocht bheartaithe ar áitribh cónaithe. Faoi mar a leagtar amach i lón treorach an IEMA [1], is féidir a mheas gur tionchar suntasach aon ardú ar an astaíocht carbóin más cibé an ón togra SHD seo é sin nó ón N6 GCRR nó an péire i gcumasc. Dá réir sin, is dócha go mbeidh tionchar suntasach ag an togra beartaithe SHD seo ar chúrsaí aeráide. Thángthas ar an gcomhairle roimhe seo gur dócha go mbeidh tionchar suntasach ag an N6 GCRR ar chúrsaí aeráide agus, dá réir sin, ar a n-áireamh le chéile, is dócha go mbeidh tionchar carnach suntasach ag an N6 GCRR agus ag an togra beartaithe SHD seo ar chúrsaí aeráide. | |
| | **Torann agus Creathadh:** Tá an togra beartaithe suite chomh fada ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt nach dócha go dtarlóidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, mar gheall ar an N6 GCRR agus an togra SHD seo i gcumasc. Tugtar ardú suntasach ar dhaonra Chathair na Gaillimhe i gcomhréir lena bhfuil á thuar faoin NPF san áireamh leis an trácht úsáide a cheanglaítear leis mbóthar atá beartaithe a fhorbairt mar chuid den anailís íogaire don RFI. Leis an measúnacht ar íogaire torainn maidir leis an RFI, tugtar san áireamh an t-ardú sa daonra atá á thuar sa NPF agus oiread measta na tráchta i ngar don bhóthar atá beartaithe a fhorbairt agus thángthas ar an gcomhairle nach dócha go dtarlóidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach maidir le torann ná creathadh mar gheall ar an N6 GCRR i gcumasc leis an togra beartaithe SHD. | |
| | **Dreach na Tíre agus Radharcanna:** Ó thuaidh de bhaile Bhearna idir c.400m agus 800m ó dheas den fhorbairt bheartaithe bóthair atá an fhobairt bheartaithe lonnaithe. Is gné shuntasach den timpeallacht ghlactha ansin forbairtí cónaithe atá ann cheana. Tá taillte laistigh den láithreán zónáilte mar tailte Cónaithe (R) agus Spás Oscailte (OS) agus glactar an zónáil atá déanta d'úsáid na talún san áireamh sa leagan amach atá beartaithe. Áirítear Radharcanna Fótamontáis ón gceantar máguaird san iarratas, ar iarratas atá ann ar fhorbairt chónaithe de thithe dhá stór agus árásáin trí stór den chuid is mó chomh maith le limistéir áineasa/spás oscailte. Léiríonn Radharcanna Fótamontáis 7, 8 agus 9, a tógadh gar den fhorbairt bheartaithe bóthair, nach mbeidh an fhorbairt bheartaithe cónaithe le feiceáil ó limistéar an bhóthair bheartaithe. Meastar nach dócha go mbeidh aon tionchar carnach, díreach ná indíreach, ann ar chúiseanna a bhaineann le nádúr na forbartha beartaithe cónaithe; nádúr na timpeallachta glactha; an zónáil d'úsáid na talún atá déanta ar thaillte; treochtaí atá ag teacht chun cinn sa gceantar; agus na bearta maolúcháin tírdhreacha beartaithe atá mar chuid den togra GCRR (tagair d'Fhíor 12.1.03 den EIAR). | |

Nóta treorach ón[1] Institute of Environmental Management and Assessment (IEMA) dar teideal 'Assessing Greenhouse Gas Emissions and Evaluating their Significance'

| Uimh. Thag Plean/Tions cadail. | Tionchar Carnach Ionchais ar Thosca Timpeallachta | Tionchar Carnach Foriomlán (más ann dó) |
|---|---|---|
| | **Cúrsaí Seandálaíochta, an Oidhreacht Ailtireachta agus an Oidhreacht Chultúir:** Ní shonraítear aon tionchar carnach, díreach ná indíreach, chun dochair a tharlódh i ndáil leis an togra seo i gcumasc leis an N6 GCRR. Is amhlaidh an cás mar gheall go ndéanfar maolú iomlán ar aon tionchar chun dochair ar acmhainní na seandálaíochta, na hailtireachta agus na hoidhreachta cultúir a d'eascródh ón N6 GCRR beartaithe agus mar gheall nach dtiocfaidh aon tionchar (indíreach) radhairc chun tosaigh a bhaineann le hacmhainní na seandálaíochta, na hailtireachta agus na hoidhreachta cultúir. | |
| | **An Ithir agus Gnéithe Geolaíochta:** Tá láithreán an SHD beartaithe comhdhéanta de bhuncharraig éadomhain, le laghdú beag ar ithir thirim chomh maith le dlús an-ard ábhar cumascáin a chailliúint. Leagtar amach i gCuid 7.5.7 den EIAR, áfach, go mbainfear úsáid arís as ábhar a dhéanfar a thochailt agus bainfear leas as aon ábhar le cois in obair tírdhreacha agus athchóirithe agus lena laghdófar an gá a bheidh le hábhar a thabhairt chun bealaigh ón láithreán. Mar gheall air sin agus scála an togra SHD, ní bheidh aon tionchar mór i gceist ó thaobh na talún, na hithreach ná na geolaíochta. Bainfear úsáid sa bhforbairt bheartaithe bóthair as gach ábhar a dhéanfar a thochailt, gan gá ach an laghad ábhair a thabhairt isteach nó gan gá ar bith sin a dhéanamh. Dá bhrí sin, ní dócha go dtiocfaidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, i gceist maidir le cúrsaí ithreach agus geolaíochta mar gheall ar an N6 GCRR i gcumasc leis an togra beartaithe SHD. | |
| | **Hidrigeolaíocht:** Tá an togra beartaithe SHD suite ar bhonnchloch eibhir agus le fána go mór ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt. Cé go bhféadfadh go mbeadh gá tochailt a dhéanamh ar an suíomh agus roinnt uisce a thabhairt chun bealaigh, ní tharlóidh aon cheangal idir sin agus na réimsí tionchair a thugtar chun suntais maidir leis an bhforbairt atá beartaithe ar an mbóthar. Dá réir sin, ní dócha go dtiocfaidh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, i gceist maidir le cúrsaí hidrigeolaíochta mar gheall ar an N6 GCRR i gcumasc leis an togra beartaithe SHD**.** | |
| | **Hidreolaíocht:** Ó thuaidh de bhaile Bhearna idir c.400m agus 800m ó dheas den fhorbairt bheartaithe bóthair atá SHD Burkeway Bearna lonnaithe. Tá SHD Burkeway laistigh d'abhantrach Shruthán Throscaí agus gar do Shruthán Throscaí. Ní bheidh aon tionchar suntasach ag an bhforbairt bheartaithe bóthair ar an gCóras Hidreolaíochta ná ar cháilíocht uisce an tsrutháin de bharr dhearadh draenála an bhóthair agus ó tharla go ndéanfar cóireáil uisce bogaidh a sholáthar chomh maith le saoráidí chun doirteadh a shrianadh agus tuilte a mhaolú don am i láthair agus go nglacfar Athrú Aeráide amach anseo san áireamh. Ní bheidh aon tionchar carnach i gceist mar go leagfaidh an fhorbairt SHD amach treoirlínte, de réir pleanáil bainistíochta riosca Tuilte, chun tionchair riosca tuilte a mhaolú nó a chosc agus cuirfidh córais draenála Inbhuanaithe Uirbí ar fáil, faoin bplean forbartha, chun cosaint a thabhairt i gcoinne tuilte agus an tionchar ó uisce stoirme. Déanann an córas séaraigh bréan freastal ar an láithreán agus dá bhrí sin ní bheidh aon tionchar ann ó thaobh doirteadh uisce isteach i Sruthán Throscaí ná le sruth i gCuan Bhearna. Ní dócha go dtiocfadh aon tionchar carnach suntasach, díreach ná indíreach, i gceist maidir le cúrsaí hidreolaíochta mar gheall ar an N6 GCRR i gcumasc leis an togra SHD seo. | |

| Uimh. Thag Plean/Tions cadail. | Tionchar Carnach Ionchais ar Thosca Timpeallachta | Tionchar Carnach Foriomlán (má tá a leithéid i gceist) |
|---|---|---|
| | **Cúrsaí Bithéagsúlachta:** De réir na Measúnachta Tionchair Éiceolaíochta arna tíolacadh ag an iarratasóir maidir leis an bhforbairt bheartaithe SHD agus má bhreithnítear na bearta maolúcháin a mholtar ann, ní bheidh aon tionchar suntasach iarmharach i gceist maidir leis an mbithéagsúlacht agus ní bheidh aon tionchar suntasach iarmharach i gceist ar shuíomhanna Eorpacha ná limistéir arna n-ainmniú go náisiúnta maidir le caomhnú an dúlra.<br>De réir mar a leagtar amach sa Mheasúnacht Tionchair Éiceolaíochta, ní bheidh mar thoradh ar an bhforbairt SHD beartaithe go gcaillfí gnáthóg de chineál ar bith a luaitear in Iarscríbhinn I ná aon chineál eile ar dócha go mbeadh tionchar suntasach iarmharach air mar gheall ar an mbóthar atá beartaithe a fhorbairt. Ó tharla nach mbeidh aon toradh iarmharach suntasach ag an bhforbairt seo ó thaobh na bithéagsúlachta, ní bheidh aon tionchar carnach i gceist idir é agus an N6 GCRR beartaithe a dhéanfadh dochar do líon na n-ialtóg ná ar an bhfabhcún gorm san áit.<br>Ar na torthaí iarmharacha suntasacha arna dtuar maidir le cúrsaí bithéagsúlachta i ndáil leis an N6 GCRR agus an togra beartaithe seo a mheas, maille leis na bearta maolúcháin a bheartaítear i leith gach aon cheann de na tograí sin, níl aon seans go dtiocfadh aon tionchar carnach chun tosaigh a chuirfeadh isteach ar thátal sa mheasúnacht tionchair timpeallachta maidir leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe a chuirtear i láthair sa EIAR. | |